



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Treoir don Scoil Uile

Seimineár Gréasáin 1 as 3

Joanne Parry, Sinéad Duffy agus Marie Cumiskey

Ceannairí Foghlaim Ghairmiúil i dTreoir



Fáilte!

Fáilte go dtí ár gcéad seimineár gréasáin den tsraith seimineár gréasáin trí chuid de Threoir na Scoile Uile.


Tá fíoráthas orainn a bheith ag cur an t-eolas seo ar fáil daoibh.



Prótacail d'Fhorbairt Ghairmiúil ar Líne



Tá sé i gceist go mairfidh an seimineár uair an chloig. Tabhair d'aird iomlán air le linn an ama sin.



Tá an ócáid seo taifeadta agus beidh sí ar fáil arís duit chun teacht uirthi ar shuíomh gréasáin Treorach Oide.



<https://tinyurl.com/mrx3mu7p>



Réamhrá



Eidín Ní Ghalchóir
Ceannaire Sinsearach



Sinéad Duffy
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil



Marie Cumiskey
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil



Joanne Parry
Ceannaire Foghlaim Ghairmiúil



Sraith Seimineáir Ghréasáin um Threoir na Scoile Uile



Oide

Seimineár Gréasáin 1

Cur Chuige na Scoile Uile maidir le Treoir
Treoir na Scoile Uile mar Fhreagracht Chomhroinnte
Ról na Foirne Pleanála Treorach don Scoil Uile
Comhairliúchán agus Comhoibriú

Seimineár Gréasáin 2

Pleanáil Treorach na Scoile Uile
Do Phlean Treorach don Scoil Uile a Dhearadh nó a
Athbhreithniú
An Clár Treorach a Phleanáil

Seimineár Gréasáin 3

Pleanáil Feabhsúcháin i dTreoir
Réimsí a thiocfadh a Fheabhsú a Fhiosrú
Meastóireachtaí agus Cigireachtaí i leith Treorach



Faoi dheireadh an tseimineáir ghréasáin seo beidh rannpháirtithe tar éis:

- tuiscint a fháil ar chur chuige na scoile uile maidir le Treoir
- ról agus freagrachtaí na gceannairí scoile, na Roinne Treorach, fhoireann pleanála Treorach don scoil uile, fhoireann na scoile i gcoitinne, agus phobal na scoile a iniúchadh maidir le cur chuige na scoile uile a fhorbairt i leith Treorach
- forbairt fhoireann pleanála Treorach don scoil uile a scrúdú
- a bhreithniú go gcuirfí san áireamh i bpleanáil Treorach don scoil uile guth scoláirí, tuismitheoirí nó caomhnóirí agus pobail



Príomhtheachtaireachtaí



Bíonn treoir fite fuaite i ngach gné de shaol na scoile agus teastaíonn cur chuige scoile uile, a mbíonn croífhoireann pleanála taobh thiar de lena thiomáint.



Tugann cur chuige Treorach na scoile uile cumhacht do gach múinteoir cur le treoir iomlánaíoch na scoláirí agus a aithint gur freagracht chomhroinnte í.



Trí chur chuige don scoil uile is féidir a chinntiú go n-úsáidtear acmhainn speisialaithe an treoirchomhairleora sa chaoi is fearr a rachaidh chun tairbhe na scoláirí.



Bíonn spriocanna treorach ar fud na scoile níos indéanta le cur chuige don scoil uile.

Treoir i Scoileanna




Oide

úsáidfídh scoil na hacmhainní atá ar fáil aici chun ... a chinntiú go mbíonn teacht ag scoláirí ar threoir chuí chun cabhrú leo ina roghanna oideachais agus gairme ...

An tAcht Oideachais, 1998, 9c

Cuimsíonn treoir 'na trí réimse ar leithligh, ach idirnasctha, d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachais agus Gairmthreoir'.

RO, Ciorcláin Foirne, 2025, Aguisín 3, Ich.21.





Cad is *Treoir Éifeachtach* ann?

Tagraíonn Treoir Éifeachtach "*do réimse eispéiris foghlama a chuirtear ar fáil i seicheamh forbartha, a chuidíonn le scoláirí scileanna féinbhainistíochta a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus cinntí éifeachtacha faoina saol*"

RO, Nóta Faisnéise 01/2024, Ich. 3

Treoir don Scoil Uile



Oide

‘Is gníomhaíocht scoile uile í an treoir ina bhfoirmíonn gach scoil foireann ina mbíonn ról lárnach ag an treoirchomhairleoir plean Treorach scoile uile a dhearadh agus a fhorbairt mar bhealach chun tacú le riachtanais na scoláirí go léir. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn agus go gcinntíonn gach ball foirne go hiomlán go mbíonn Treoir fite fuaite trí gach gné de shaol na scoile agus go ndéantar an plean a fhorbairt i gcomhar le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, agus pobal na scoile i gcoitinne’

RO, Ciorcláin Foirne 2025, Aguisín 3.




Treoir don Scoil Uile



Oide

Ba chóir go dtabharfadh pleananna Treorach na Scoile Uile léargas ar chur chuige na scoile i leith Treorach go ginearálta ag baint úsáid as an tsamhail chontanam tacaíochta (Uile, Roinnt agus Beagán) agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtabharfar tacaíocht do scoláirí agus conas a chuideofar leo roghanna agus aistrithe rathúla a dhéanamh sna réimsí pearsanta agus sóisialta, oideachais agus gairme.

RO, Ciorcláin Foirne 2025, Aguisín 3



Treoirchomhairleoireacht i Scoileanna



Oide

*Bíonn
Treoirchomhairleoireacht
in lar-bhunscoileanna
iomlánaíoch agus d'fhéadfadh go
mbeadh comhairleoireacht
phearsanta, comhairleoireacht
oideachais, comhairleoireacht
ghairme nó teaghlaim díobh sin
san áireamh inti agus 'is cuid
lárnach de chlár treorach na
scoile í'*

Socruithe Foirne na Roinne Oideachais Ciorcláin
2024, Aguisín 3





Seirbhís Treorach Chothromaithe

Leanúntas



Cothromaíocht



Iomlánaíoch

Treoir do Bheagán
(Níos déine, níos
indibhidiúla nó níos
speisialaithe)

Treoir do Roinnt
(Níos spriocdhírithe)

Treoir do Chách
(Dearadh Uilíoch)

**Treoir don
Seomra Ranga**

**Obair duine
le duine agus
obair Ghrúpa**

SÓISIALTA /
PEARSANTA

OIDEACHASÚIL

GAIRMRÉIM



Cad é atá i gceist
againn le cur
chuige don scoil
uile maidir le
Treoir?



Cur Chuige na Scoile Uile



Oide

Is é atá i gceist leis aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus an phobail i gcoitinne, ní hamháin laistigh den churaclam, ach ar fud na scoile uile agus na timpeallachta foghlama. Tugann sé le tuiscint go mbíonn gníomhaíocht chomhchoiteann agus chomhoibríoch i bpobal scoile agus ar siúl ag pobal scoile chun foghlaim, iompar agus folláine scoláirí a fheabhsú, agus na coinníollacha a thacaíonn leo sin.

An Creat um Anailís/Diagnóis Cháilíochta Oideachas Ginearálta
(GEQAF) UNESCO



Cur Chuige na Scoile Uile



Oide

Tá sé bunaithe ar an smaoineamh nach trí theagasc sa seomra ranga amháin a dhéantar rath na scoláirí a chinneadh ach trí thimpeallacht iomlán na scoile.


Baineann sé le gach páirtí leasmhar i bpobal na scoile a bheith ag obair le chéile chun spriocanna treorach ar fud na scoile a bhaint amach.



Pleanáil Treorach don Scoil Uile



Oide



Cuimsítear ann treoirphleananna soiléire curaclaim lena n-áirítear sonraí faoi aonaid foghlama, torthaí foghlama, eispéiris foghlaimeora, acmhainní agus measúnú




Pleanáil na Scoile Uile Turas, ní Ceann Scríbe



Oide

I gcur chuige don scoil uile, bíonn ról gníomhach ag gach ball de phobal na scoile (ceannairí scoile, meánbhainistíocht, teagasc agus foireann neamhtheagaisc, foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus pobail), agus tuigeann siad a bhfreagracht chomhroinnte





'Ba chóir don Bhord Bainistíochta maoirseacht a chleachtadh trí athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bplean go rialta. Ba chóir do scoileanna breithniú a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun leithdháileadh acmhainní a ailíniú le cuspóirí an phlean trí aird chuí a thabhairt ar alt 9 (c) den Acht Oideachais 1998 ina luaitear 'go n-úsáidfídh scoil na hacmhainní a bhíonn ar fáil di... a chinntiú go mbeidh rochtain ag scoláirí ar threoir chuí chun cabhrú leo ina roghanna oideachais agus gairme'. Go sonrach, ba chóir don Bhord an plean agus conas a chuirtear acmhainní ar fáil dó a bhreithniú sula nglacfaidh sé leis an bplean agus sula gcuirfidh sé ar fáil é do gach ball foirne, tuismitheoirí agus daltaí.

RO, Ciorcláin Foirne 2025, Aguisín 3



Treoir don Scoil Uile a Thógáil

Bíonn ról ag gach duine i bpobal na scoile i dTreoir don Scoil Uile!



Bord Bainistíochta

Ceannairí sinsearacha scoile

Foireann pleanála treorach na scoile uile

An Roinn Treorach

Foireann na scoile uile

Tuismitheoirí agus scoláirí



Treoir don Scoil Uile a Thógáil

Tá sé tábhachtach go n-aithníonn agus go gcinntíonn gach ball foirne go mbíonn an treorú fite fuaite trí gach gné de shaol na scoile agus go bhforbraítear an plan i gcomhar le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus pobal na scoile i gcoitinne.

RO, Ciorcláin Foirne 2025,
Aguisín 3



Bord Bainistíochta

Ceannairí sinsearacha scoile

Foireann pleanála treorach na scoile uile

An Roinn Treorach

Foireann na scoile uile

Tuismitheoirí agus scoláirí

Ról na gCeannairí Scoile Sinsearacha



Oide

Catagóir na Scoile	Laghduithe PTR
Scéim Saoroideachais – Neamh DEIS 18.4	18.4
Scéim Saoroideachais – DEIS 17.65	17.65
Táille a Mhuirearú	18.60

Ba cheart go léireodh an plean cothromaíocht chuí idir an t-am a chuirtear ar fáil do choinní aonair scoláirí, soláthar ceachtanna/modúil Treorach, agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le treoir. Moltar go mbeadh an t-am a chuirtear ar fáil do choinní scoláirí ina sciar leordhóthanach de leithdháileadh foriomlán na n-uaireanta Treorach a theastaíonn don treoirchomhairleoireacht duine le duine atá riachtanach chun freastal ar riachtanais na scoláirí faoin tsamhail Chontanam Tacaíochta.

RO, Ciorcláin Foirne 2025, Aguisín 3.

Ról Cheannairí Sinsearacha na Scoile



Oide

Deiseanna a chur chun cinn do gach ball foirne dul i ngleic le Treoir na scoile uile agus í a thuiscint agus rannpháirtíocht a spreagadh i bhfoireann pleanála Treorach don scoil uile.

Cothromaíocht a chinntiú i soláthar treorach agus in imlonnú leithdháileadh Treorach chun go gcuirfí san áireamh ceachtanna Treorach, obair i ngrúpaí beaga agus Treoirchomhairleoireacht duine le duine.

Tabhair am don chomhoibriú idir foireann pleanála Treorach na scoile uile agus foirne curaclaim eile chun tacú le aonaid foghlama treorach a phleanáil.

A chinntiú go gcuireann gach roinn ábhair leis an bplean.

Treoir chuimsitheach agus samhail an chontanaim tacaíochta a chur chun cinn.

Am a thabhairt ag cruinnithe foirne le haghaidh nuashonruithe Treorach.






**Naisc le BO & O, IAO
agus Comhpháirtithe
Seachtracha**

**Atreoruithe
Seachtracha**

**Foireann
Tacaíochta na
Scoláirí**

**Pleanáil
Treorach don
Scoil Uile**



Foghlaim Treorach

**Treoirchomhairleoireacht
Aonair / Ghrúpa**

**Margadh Saothair /
Comhairleoireacht
Ghairme**

**Tástáil
Shíciméadrach**

***RO, An Creat um
Aitheantas Clár, 2016***


Ról an Treoirchomhairleora i dTreoir na Scoile Uile



Oide

Leagtar amach i gCreat Aitheantais Clár na Roinne Oideachais (2016) gníomhaíochtaí a bhaineann le ról an treoirchomhairleora

Áirítear ann tacaíocht a chur ar fáil do bhainistíocht agus d'fhoireann na scoile, agus a bheith ag obair i gcomhar leo, i bpleanáil, ceannas, seachadadh, athbhreithniú agus meastóireacht na seirbhíse/an chláir Treorach agus is réimse amháin freagrachta don treoirchomhairleoir cáilithe é plean Treorach na scoile uile



An Fhoireann Pleanála Treorach don Scoil Uile



Oide

Is é is treoir ann ná gníomhaíocht na scoile uile ina ndéanann gach scoil foireann a chruthú, ina mbíonn ról lárnach ag an treoirchomhairleoir, chun plean Treorach don scoil uile a dhearadh agus a fhorbairt go comhoibríoch mar bhealach chun tacú le riachtanais gach scoláire.

RO, Ciorcláin Foirne 2025, Aguisín 3



Foireann Pleanála Treorach don Scoil Uile a Bhunú



Oide

Cruthaigh foireann a oireann do do chomhthéacs. Déan iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir saineolas speisialaithe agus spéis i gcúrsaí Treorach.

Ní gá gealltanais fadtéarmach a thabhairt! Is féidir le baill sealanna a ghlacadh nó rogha scoir a bheith acu. Tógann sé cumas ceannaireachta agus comhthuiscint i measc na foirne.

Cuardaigh baill foirne sa scoil a d'fhéadfadh taithí agus smaointe a thabhairt chuig Treoir do chách, Treoir do roinnt agus Treoir do bheagán

Tá sé mar aidhm saineolas a roinnt, a bheith ag obair i gcomhar le chéile agus a oiread deiseanna Treorach agus is féidir a chruthú i ngach gníomhaíocht scoile.



Ról na Foirne Pleanála Treorach don Scoil Uile

Comhoibriú chun plean Treorach na scoile uile a dhearadh.

Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.

Deiseanna a lorg chun a chinntiú go mbíonn Treoir fite fuaite trí gach gné de shaol na scoile

Spriocanna agus gníomhartha le haghaidh feabhsúcháin a shocrú.

Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean.



Ról na Foirne Treorach don Scoil Uile



Oide

LIOSTA NITHE NACH MÓR A DHÉANAMH

Comhoibriú chun plan treorach na scoile uile a dhearadh agus a fhorbairt

Samhail an chontanaim tacaíochta a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacófar le scoláirí

A chinntiú go mbíonn treoir fite fuaite trí shaol na scoile

LIOSTA NITHE A D'FHÉADFAÍ A DHÉANAMH

Ceannaireacht a ghlacadh ar thionscnaimh reatha nó ar thionscnaimh nua a bhaineann le treoir

Naisc a leathnú agus a fhorbairt leis an bpobal agus le lucht fiontraíochta


Creat TSU LNTÓ (n Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas) a úsáid mar acmhainn chun plan WSG a fhorbairt

ÁR LIOSTA





Róil Foirne Eile na Scoile a Idirdhealú



Ról na Ranna Ábhair agus Foireann na Scoile Uile



Oide

Tá ról ag gach duine inár bpobal scoile i dTreoir na scoile uile.

An bhfuil ról ag múinteoirí i nGairmthreoir agus in oideachas Treorach a bhaineann lena n-ábhar?

An bhfuil gníomhartha treorach i bpleananna na roinne ábhair?

An bhfuil imeachtaí ar fud na Scoile bainteach le Treoir?

An bhfuil tionscnaimh nó imeachtaí Scoile ann a bhfuil gné Threorach iontu?




Ról an Scoilphobail

Tá ról ag gach duine inár bpobal scoile i dTreoir na scoile uile.

Tá sé tábhachtach go n-aithníonn agus go gcinnteoidh gach ball foirne go mbíonn Treoir fite fuaite trí gach gné de shaol na scoile agus go bhforbraítear an plan i gcomhar le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus pobal na scoile i gcoitinne

RO, Ciorclán Foirne 2025 Aguisín 3





Ról Mhórphobal na Scoile

Eolas agus smaointe a bhailiú ó ghrúpaí fócais scoláirí agus tuismitheoirí.


Suirbhéanna a dháileadh ar scoláirí agus ar thuismitheoirí

Eispéiris agus tuairimí a bhailiú ó iarscoláirí a bhí ann le déanaí.

Eispéiris agus tuairimí a bhailiú ó iarscoláirí a bhí ann le déanaí.

Cruinnithe a sceidealú le ranna ábhair agus le foirne eile chun a gcuid tuairimí agus smaointe a bhailiú.

Dul i gcomhairle go rialta leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn.



An Fhís a Fhorbairt do Threoir na Scoile Uile



Oide



I gcomhthéacs do scoile féin, dá mbreathnófa ar Threoir na Scoile Uile á Cur i nGníomh i gceann trí nó cúig bliana, cad é ar mhaith leat feabhas a fheiceáil ann?

Déan cur síos chomh mion agus is féidir leat. Cad é atá ag tarlú? Cé atá i gceist? Cad é a oibríonn go maith? Cén tairbhe atá á baint ag na scoláirí as? Cén chaoi a bhfuil rath á thomhas agat?



Leidbhileog do Phleanáil Treorach na Scoile Uile

Is féidir an leagan seo de Leideanna Pleanála TSU a chur in eagar chun do dhul chun cinn a chláscríobh agus a thairgeadh

Treoir don Scoil Uile Leidbhileog Pleanála

Feidhmíonn an bhileog tascanna seo mar uirlis luachmhar dóibh siúd atá ag pleanáil na chéad chéimeanna eile i bpleanáil treorach na scoile uile. Is é atá i gceist leis an bpróiseas pleanála Treorach don Scoil Uile (TSU) comhoibriú gníomhach i measc príomh-rannpháirtithe laistigh de phobal na scoile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na scoláirí aonair. Trí pháirt a ghlacadh i seimineáir ghréasáin, iarrachtaí comhoibriúchá agus forbairt ghairmiúil leanúnach a bhaineann le pleanáil treorach, cothaítear tuisceant níos doimhne ar nádúr casta pleanáil Treorach na scoile uile. Trí phlé comhroinnte agus réiteach fadhbanna, cabhraíonn an cur chuige seo leis an bpróiseas a dhéanamh níos indéanta agus éascaíonn sé spriocanna inghníomhaithe a leagan síos chun riachtanais shonracha chomhthéacs na scoile agus na scoláirí a chomhlánadh. Tugtar achoimre sa doiciméad seo ar na céimeanna nó na gníomhartha féideartha, chun smaoineamh a chur chun cinn agus do phlean Treorach don scoil uile a chruthú, a athbhreithniú nó a chur chun cinn agat.

Tasc 1: Foirne Treorach na Scoile Uile

Pointí Fócais		Stádas Reatha / Trácht			
I gcomhair Threoir na Scoile Uile, is é atá déanta againn:		Curtha i gcor	Ar siúl	Ní go fóill	N/Bh
1	ghlac muid páirt i seimineár gréasáin Treorach na scoile uile				
2	chláraigh muid le haghaidh seisiún chomhoibriúchá i dtreoir na scoile uile				
3	d'fhorbair muid tuisceant shoiléir ar pleanáil Treorach na scoile uile.				
4	chruthaigh muid foireann pleanála Treorach don scoil uile.				
5	thug muid nóil lárach don treoirchomhairleoir ar fhoireann pleanála Treorach na scoile uile.				
6	cheap muid ceannairí scoile mar chuid de phleanáil Treorach na scoile uile agus tacaíonn siad léi.				

1

Déanaigí
féinmheasún
ú ar bhur
ndul chun
cinn go dtí
seo agus
aithnigí bhur
gcéad chéim
eile.

<https://tinyurl.com/mrx3mu7p>





Tacaíochtaí Breise

Tacaíocht Scoile



Liosta Seoltaí Treorach Oide





Ag Tnúth le Seimineár Gréasáin 2



Plean Treorach don Scoil Uile

Do Phlean Treorach don Scoil Uile
a Dhearadh / Athbhreithniú

An Clár Treorach a dhearadh



Oide

Míle buíochas



info@oide.ie



www.oide.ie



[@Oide_Guidance](https://twitter.com/Oide_Guidance)

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers